

❁An Lúibín❁

3 Bealtaine 2004

Nuachtlitir Choicísíúil



Scéal Albainise

The tongue of Burns in Ulster-but what about the money?

Sa 17ú haois a tháinig an Albainis go dtí Cúige Uladh, nuair a bhí sí féin agus an Béarla scartha go maith óna chéile. Tháinig an Gháidhlig isteach leis na plandóirí freisin, ach sin scéal eile. As an bhfoinse chéanna a fáisceadh Albainis agus Béarla, ach bhí teanga nua á déanamh den Albainis leis an aimsir, agus murar aontaíodh an dá thír bheadh an deighilt chéanna ann is atá idir Ioruais agus Sualainnis.

I gContae Aontroma agus i gContae an Dúin ba láidre a mhair an Albainis sa tír nua, agus bhí filí áitiúla á saothrú le fuinneamh ó thart ar 1770 i leith. Tá sí ann fós, ach í lagaithe go maith ag Béarla an Tuaisceart, agus nuair a ritheadh Acht na dTeangacha Oifigiúla de bharr Chomhaontú Aoine an Chéasta bhí an Albainis ainmnithe ann in éineacht le Béarla agus Gaeilge. Cuireadh Bord Albainis Uladh ar bun (*The Boord o' Ulster Scotch*), rud ba chúis le roinnt scigireachta i measc na nGaeilgeoirí; ach fuair lucht Albainise a gcuid maoinithe ón bhForas Teanga Trasteorann chomh le cách. Le déanaí, áfach, d'éirigh an Tiarna Laird, cathaoirleach Bhord Albainis Uladh, as a phost, toisc gur cheil Rialtas na hÉireann £600,000 ar an bhForas. Deir sé gur dhóigh leat ar iompar Rialtas na hÉireann gur leosan amháin na forais trasteorann, agus nach é seo an chéad uair a rinne siad an cleas seo.

Is furasta a thuiscint conas a bheadh claonadh nádúrtha ag Rialtas na hÉireann chun na forais trasteorann a shealbhú i ndiaidh a chéile. Seo é an saghas ruda a chuireann inní ar Dhílseoirí, ar ndóigh, agus eagla orthu go bhfuil an stair ina gcoinne. B'fhéidir go bhfuil bun, mar sin, le tuairim an Tiarna. Ní duine é, dála an scéil, atá in aghaidh na Gaeilge – a mhalairt ar fad. Tá breis eolais ar fáil faoi chúrsaí Albainise ar an suíomh seo: www.ulsterscotsagency.com.

Scéala dlí

Irish court cases in four languages – and welcome to Europe.

Scéal suimiúil ó *Lá*: comhlacht Éireannach nach bhfuil de ghnó aige ach scéalta a scaipeadh in Éirinn agus thar lear i dtaobh cásanna cúirte. Comhlacht Chumarsáid an Chreagáin (CCC) atá i gceist, comhlacht a cuireadh ar bun sna nóchaidí. Is iad Cúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath agus an Phríomhchúirt Choiriúil a sholáthraíonn an chuid is mó de na scéalta. Déantar speisialtóireacht ar chásanna gnéis, agus fágtar an dúnmharú ag comhlacht eile. I nGaeilge, i mBéarla, i Spáinnis agus i bhFraincis a chuirtear an t-eolas ar fáil.

Is dócha go bhfuil sé seo ar na miontorthaí is aite ar an mbaint atá ag Éirinn leis an Eoraip, agus tá sé de chuspóir ag an stiúrthóir, Tomás Mac Ruairí, an gnó a mhéadú. Dar leis gur chóir 'níos mó anailíse' a dhéanamh ar chásanna cúirte, agus níos mó a scríobh i dtaobh cúrsaí dlí. Thairis sin de, gan dabht, is fada go mbeidh daoine sách de chúrsaí craicinn.

www.nuacht.com

Teifigh

Where there are wars there are refugees. Australia, like many other countries, accepts a quota, but in doing so has created a Limbo for 'temporary' people.

Gach bliain glacann an Astráil os cionn míle teifeach. Deir mórán daoine gur ceart dúinn fáiltiú roimh i bhfad níos mó acu; deir daoine eile gur leor an méid a thagann. Cad is teifeach ann, mar sin? Duine nach féidir leis filleadh abhaile toisc go bhfuil eagla air, agus údarás léi, go ndéanfar géarleanúint air de bharr a chine, a chreidimh, a náisiúntachta nó a thuairimí polaitiúla, nó de bharr baint a bheith aige le dream áirithe sóisialta. Tugtar 'dídeanaí' ar an té a chuir isteach ar dhídean ach nár socraíodh fós ar cé acu a thabharfaí dó í nó nach dtabharfaí.

Tá baint ag an scéal le Coinbhinsiún na dTeifeach, comhaontú ar chuir an Astráil a lámh leis. Seo é an príomhchomhaontú idirnáisiúnta chun daoine atá ag éalú ón ngéarleanúint a chosaint. Deir Alt 34 den Choinbhinsiún go gcaithfidh tíortha a oiread dlúis a chur leis an ngnó agus is féidir.

Chuir an Astráil cuma ar leith ar an scéal lena cuid dlíthe. Bhí cúiseanna polaitiúla leis seo, mar a bhí le tógáil na lárionad coinneála. Bhí trácht ar theifigh 'aindeathacha,' daoine nach raibh ar aon liosta de chuid na Roinne nuair a tháinig siad i dtír chugainn ar an gcósta thuaidh. Bhí inní ar mhórán vótóirí ina dtaobh, agus i dtaobh na smuigléirí neamhscrupallacha a chuir chun farraige iad. Chuir na dlíthe nua in iúl go raibh an Rialtas (agus go fiú an Fhreasúra, a bhí ag tacú leo) i ndáiríre; cuireadh in iúl freisin go raibh beocht i gcónaí sa tseaneagla roimh strainséirí a thagann isteach an cúldoras.

Daoine gan cháipéisí is ea na daoine a shactar sna lárionaid choinneála. Más thagann tú i do theifeach agus na cáipéisí cearta agat faigheann tú cead buanchónaithe. Ach tá cor sa scéal: má chaith tú os cionn seacht lá i dtír a bhféadfá dídean a iarraidh ann, agus tú ar do bhealach anseo, ní féidir leat an cead úd a fháil.

Thug an Astráil an víosa cosanta sealadaí (TPV nó 'temporary protection visa') isteach sa bhliain 1999. Má shocraítear gur teifeach thú d'ainneoin easpa cáipéisí a bheith ort tugann an víosa cead duit fanacht san Astráil ar feadh trí bliana. Caithfidh tú cur isteach arís air sé mhí roimh dheireadh na tréimhse sin. Má fhaigheann tú arís é is féidir leat cónaí anseo go ceann trí bliana eile. Ní féidir leat do mhuintir a thabhairt go dtí an Astráil, ná cuairt a thabhairt thar lear orthu ach oiread. Ní féidir leat freastal ar ranganna Béarla atá á maoiniú ag an Rialtas Cónasctha, ná feidhm a bhaint as HECS ag dul ar ollscoil duit. Duine sealadach thú.

Ba bheag an mhoill ar dhaoine áirithe a chur in iúl go raibh an beartas seo bunoscionn le tuairim Ardchoimisiún na Náisiún Aontaithe um Theifigh (UNHCR). Deir an tArdchoimisiún nach ceart tabhairt ort cur isteach ar dhídean arís agus arís eile má aithníodh mar theifeach thú sa chéad dul síos. Is léir freisin gur fearr leis an Roinn Inimirce fáil réidh le dídeanaithe 'sealadacha' más féidir, cuma cé chomh dona is atá an scéal ina dtír dhúchais. Rinneadh tréaniarracht, mar shampla, ar dhaoine a chur ar ais go dtí an Afganastáin ar scáth an tír sin a bheith suaimhneach anois – scéal a chuirfeadh ionadh ar an rialtas na tíre. Beartas é seo a chuireann inní ar na Hasaraigh, dream as an Afganastáin a fhulaingíonn leatrom agus géarleanúint sa bhaile. An beagán acu a tháinig anseo tá cáil na hoibre orthu sna ceantair ar chuir siad fúthu. Mar a dúirt gairneoir i NSW a bhfuil roinnt acu ar fostú aige:

Tá siad go diail. Mothaíonn siad a muintir go géar uathu, agus cuireann an easpa cinnteachta isteach orainn go léir. Ba mhór an tubaiste do m'fheirm agus do mo réigiún iad a chur ar ais. Ba chóir ceadú dóibh fanacht.

Anois agus arís luaitear baol na sceimhlitheoireachta le teifigh gan cháipéisí – scéal nach greideann ASIO féin ná lucht slándála eile. Más sceimhlitheoir thú tiocfaidh tú isteach le ticéad ceart agus pas ceart ar eitleán chun an fhaire a sheachaint. Is é an botún ba mhó a rinne an Rialtas, b'fhéidir, scéal polaitiúil a dhéanamh de na teifigh in ionad scéal riaracháin; ach

bhí mórán vótóirí ag tacú leo dá bharr. An focal scoir ag dídeanaí trí bliana atá anois san Astráil Theas:

Nuair atáim ag cuimhneamh ar mo chás agus ar an gcruinne álainn seo mothaím nach bhfuil áit dom ann. Duine breise mé.

Cuimhní cogaidh

ANZAC Day has come and gone, and will come again: the gatherings of veterans, the marches, the speeches about the wars that made a nation. Below, a personal view.

Anuraidh, i reilig thuaithe, chonaic mé uncail liom á chur: iarshaighdiúir a sheas an fód in éadan na Seapánach beagnach ceithre fichid bliain ó shin. Bhí a dheartháir ann, iarshaighdiúir eile. Bhí siad óg go leor nuair a chuaigh siad san Arm, 'fir óga mar chách,' mar a dúirt mo mháthair, a ndeirfiúr; ach bhí cuma eile orthu ag teacht abhaile dóibh. D'fhág an cogadh a rian orthu. Iad scoite amach ón bpobal feasta.

Is cuimhin liom seandúine eile, fear a bhí ag obair ar an bhfeirm againn agus mé ag fás suas ann. Tháinig sé slán ón gCéad Chogadh Domhanda, agus bhí dornán bonn míleata aige. Ba mhaith leis dul ar an drabhlás ó am go chéile, ar nós a leithéidí eile; thugadh sé a chuid bonn do mo mháthair roimh ré ar eagla na heagla, agus siúd chun an teach tábhairne é.

Ócáid mhór óil ba ea Lá ANZAC agus mé óg; na seansaighdiúirí ar na cannaí agus dhá thaobh an bhóthair leo. Ar shlite eile bhí an ócáid in ísle brí; is beag suim a bhí ag an aos óg inti, agus bhí an slua ag dul i laghad ó bhliain go bliain ag an Scrín i Melbourne. Ar na seansaighdiúirí féin bhí cuid ar bheag a suim sa rí rá agus sa rúille búille; b'fhearr leo fanacht sa bhaile. Anois tá an slua comórtha ag méadú ó bhliain go bliain, agus bíonn daoine – an t-aos óg go háirithe – ag dul ar oilithreacht go dtí Gallipoli. Tá meas go fiú orthu siúd a bhí ag troid i Vítneam, daoine ar tugadh íde béil dóibh tráth den saol.

Is beag orm cuid mhaith den óráidíocht a chloistear gach bliain Lá ANZAC, cuma cén bun atá léi. Ní sheasaim in aice na Scríne leis na mílte eile maidin sheaca, ag féachaint ar an mórshiúl. Is fearr liom cuimhneamh ar na seandaoine a raibh (agus a bhfuil) aithne agam orthu, na fir a chuaigh le saighdiúireacht, na mná a chaill na daoine ab ansa leo. Rug an stair orthu, agus bhí orthu a ndícheall a dhéanamh. Air sin a chuimhním. Is leor é.

Seanfhocail an choirp

We must all inhabit our bodies – and the proverbs tell us how.

I dtosach na haicíde is fusa í a leigheas.

Is lia gach othar tar éis a leighis.

Galar gan náire grá nó tart ach bhuaigh an tochas orthu.

Is gránna an dúchas maoile.

Cáit ag breith clainne is a dtinneas ar Dhónall.

Féach (i measc leabhar eile) *Seanfhocal na Mumhan*. An Seabhac (Pádraigh Ó Siochfhradha) a bhreac síos agus an Gúm a d'foilsigh.



Colin Ryan: colger@melbpc.org.au